**Rialacha de chuid**

# Chumann Gaeilge na hAstráile, Corpraithe.

**CONSUMER AFFAIRS VICTORIA**

**ACHT UM CHORPRÚ NA GCUMANN (1981) / ASSOCIATIONS INCORPORATION ACT (1981)**

***1. Ainm***

(1) Tugtar “Cumann Gaeilge na hAstráile” ar an gcumann corpraithe (“an Cumann” sna Rialacha seo).

***2. Sainmhínithe***

(1) Sna Rialacha seo, mura bhfuil míniú eile i gceist, ciallaíonn:
**“Acht”** an **t-Acht um Chorprú na gCumann 1981 (Associations Incorporation Act 1981)**;
**“coiste”** coiste stiúrtha an Chumainn;
**“bliain airgeadais”** an bhliain a thagann chun deiridh ar 30 Meitheamh;
**“cruinniú ginearálta”** cruinniú ginearálta don bhaill, bailithe le chéile de réir riail 12.
**“ball”** ball an Chumainn;
**“ball saoil”** ball onórach an Chumainn;
**“gnáthbhall an choiste”** ball an choiste nach bhfuil sé/sí ina (h)oifigeach den Chumann faoi Riail 21;
**“Rialacháin”** rialacháin faoin Acht;
**“cáipéisí a bhaineann leis”** an rud céanna mar atá san Acht;

(2) Sna Rialacha seo, tagraíonn Rúnaí an Chumainn:
   a. don té atá sa phost sin faoina Rialacha seo mar Rúnaí an Chumainn; agus
   b. in aon chás eile, d’oifigeach poiblí an Chumainn.

***3. Athrú na rialacha***

Ní cheadaítear athrú ar bith ar na Rialacha seo agus ar ráiteas chuspóirí an Chumainn, mura leanann sé de réir an Achta.

4. ***Ballraíocht, táillí iontrála agus síntiús***

(1) Bíonn cead ag an té a chuireann iarratas isteach, agus atá glactha le haghaidh ballraíochta de réir na Rialacha seo, le bheith ina b(h)all den Chumann nuair atá an táille iontrála agus síntiús bliana íoctha aige/aici faoina Rialacha seo.

(2) Ní ghlacfar mar bhall an té nach bhfuil ina b(h)all den Chumann ag an am a chorpraítear an Cumann (nó an té a bhí ina b(h)all ag an am sin, ach níl sé/sí ina b(h)all níos mó), seachas, ach amháin-
   a. go gcuireann sé/sí iarratas isteach le haghaidh ballraíochta de réir fho-riail (3); agus
   b. go nglacann an coiste an t-iarratas mar bhall.

(3) Caithfear an t-iarratas le haghaidh ballraíochta den Chumann-
   a. a bheith scríofa san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín 1; agus
   b. a bheith curtha isteach ar Rúnaí an Chumainn.

(4) Caithfear an Rúnaí iarratas a chur faoi bhráid an choiste, chomh luath is féidir tar éis an iarratais sin a fháil.

(5) Caithfear an coiste cinneadh a dhéanamh an bhfuil an t-iarratas inghlactha, nó doghlactha.

(6) Má ghlacann an coiste iarratas le haghaidh ballraíochta, caithfear an Rúnaí, chomh luath is féidir-

   a. cur in iúl don iarratasóir, i scríbhinn, go raibh an t-iarratas glactha; agus
   b. iarr táille air/uirthi i gceann 28 lá tar éis litir a fháil leis an iomlán atá iníoctha faoina Rialacha seo mar táille iontrála agus síntiús bliana don chéad bhliain.

(7) Caithfear an Rúnaí ainm an iarratasóra a chur isteach sa chlár ballraíochta tar éis an chostais iomlán a fháil atá luaite faoi fho-riail (6), i gceann 28 lá.

(8) Nuair a chuirtear ainm an iarratasóra isteach sa chlár ballraíochta, tá sé/sí ina b(h)all, agus tá cearta ballraíochta aige/aici.

(9) Má dhiúltaíonn an coiste iarratas, caithfear an coiste, chomh luath is féidir, cur in iúl don iarratasóir, i scríbhinn, nach raibh an t-iarratas glactha.

(10) Maidir le cearta, pribhléidí agus dualgaisí pearsanta mar gheall ar ballraíocht an Chumainn,-

   a. ní cheadaítear iad a thabhairt do dhuine eile; agus
   b. críochnaítear iad ag deireadh an bhallraíochta mar gheall ar bás, éirí as, nó mar sin de.

(11) Beidh cinneadh déanta ag an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an táille iontrála agus síntiús bliana, atá iníoctha ar an gcéad lá don bhliain dár gcíonn.

(12) Ritheann an bhliain síntiúis ón chéad lá de mhí Eanáir go dtí an lá deireanach de mhí na Nollag.

(13) Is féidir ballraíocht saoil a bhronnadh ar gnáthbhaill-

   a. a bhí ina mbaill le deich mbliana anuas agus
   b. a thug cabhair shuntasach don Chumann.

(14) Is féidir ainmniú a dhéanamh ar ballraíocht saoil-

   a. i scríbhinn chuig an gcoiste, sínithe ag cúigear (gnáth)b(h)aill.
   b. ag ball choiste i rith chruinnithe choiste.

(15) Beidh ainmniúchán ar ballraíocht saoil glactha tar éis a bheith curtha faoi bhráid an choiste mar rún, ag brath ar an gcinneadh atá déanta acu.

(16) Caithfear ainmniúchán ar ballraíocht saoil atá glactha a chur faoi bhráid na mball ag an gcéad Cruinniú Ginearálta Bliantúil eile. Beidh an t-ainmnitheach glactha mar bhall saoil, ag brath ar an gcinneadh atá déanta ag na baill.

### *5. Clár Ballraíochta*

(1) Caithfear an Rúnaí coinneáil agus coimeád clár ballraíochta ina bhfuil-

   a. ainm agus seoladh gach ball istigh ann; agus
   b. dáta nuair a bhí ainm gach ball curtha sa chlár.

(2) Bíonn an clár le fáil le haghaidh scrúdaithe saor in aisce do bhall ar bith ach iad a iarraidh.

(3) Bíonn cead ag ball cóipeanna a dhéanamh ar iontrálacha sa chlár.

### *6. Ag críochnú ballraíochta*

(1) Tá ball an Chumainn, a d'íoc an táille go híomlán atá iníoctha don Chumann, in ann éirigh as an gCumann tar éis fógra míosa a thabhairt i scríbhinn chuig an Rúnaí faoin rún atá aige/aici chun éirigh as.

(2) Tar éis dheireadh na tréimhse atá luaite faoi fho-riail (1)-

  a. bíonn stad ar ballraíocht an bhaill; agus
  b. caithfear an Rúnaí scríobh sa chlár ballraíochta an dáta nuair a stad an bhallraíocht.

### *7. Smacht, cosc agus ruaigeadh ball*

(1) Faoi réir ag na Rialacha seo, má cheapann an coiste gur dhiúltaigh nó go ndéarna ball beag chun ghlacadh leis na Rialacha seo, nó go raibh sé/sí ciontach i ndrochiompar nó in aghaidh leasanna an Chumainn, is féidir an Cumann cinneadh a dhéanamh-

  a. fineáil a ghearradh ar an mball gan dul thar $500, nó
  b. ballraíocht an Chumainn a bhaint de/di le haghaidh tréimhse áirithe; nó
  c. é/í a ruaigeadh ón gCumann.

(2) Ní thosaíonn cinneadh an choiste faoi fho-riail (1)-

  a. mura ndearbhaíonn an coiste an chinneadh ag cruinniú de réir fho-riail (3); agus
  b. má bhaineann an ball leas as ceart achomhairc chuig an Chumann faoin riail seo, dearbhaíonn an Cumann an chinneadh de réir an riail seo.

(3) Caithfear cruinniú a reachtáil chun dearbhú a dhéanamh, nó chur ar ceal, cinneadh atá déanta faoi fho-riail (1) tar éis 14 lá ar a laghad, agus i gceann 28 lá, tar éis fógra a thabhairt chuig an mball de réir fho-riail (4).

(4) Chun fógra a thabhairt de réir fho-riail (3), caithfear an Rúnaí, chomh luath is féidir, tabhair fógra i scríbhinn don bhall-

  a. ag leagadh amach cinneadh an choiste agus na cúiseanna a bhaineann leis.
  b. ag rá gur féidir an ball, nó an ionadaí atá aige/aici, ráiteas a thabhairt os comhair an choiste ag cruinniú tar éis 14 lá ar a laghad, agus i gceann 28 lá, tar éis fógra a thabhairt chuig an mball; agus
  c. ag lua dáta, áit agus am an chruinnithe; agus
  d. ag cur in iúl don bhall gur féidir é/í ceann nó ceachtar de na rudaí a dhéanamh mar leanas:
     i. freastal ar an gcruinniú.
     ii. tabhair ráiteas scríofa don choiste roimh dáta an chruinnithe sin ag iarraidh an cinneadh a chur ar ceal;
  e. ag cur in iúl don bhall, má dhearbhaíonn an coiste an cinneadh ag an gcruinniú sin, gur féidir é/í fógra a thabhairt don Rúnaí gur mhian leis/leí achomharc a dhéanamh don Chumann i gcruinniú ginearálta in aghaidh an chinnidh.

(5) Ag cruinniú an choiste chun cinnidh atá déanta faoi fho-riail (1) a dhearbhú nó chur ar ceal, caithfear an coiste-

  a. deis a thabhairt don bhall, nó an ionadaí atá aige/aici, labhairt; agus
  b. tabhair faoi deara ráiteas scríofa ar bith atá tugtha isteach ag an mball; agus
  c. cinneadh a dhéanamh an dhearbhófar an bunchinneadh.

(6) Má dhearbhaíonn an coiste an chinneadh ag cruinniú an choiste, is féidir an ball, i gceann 48 uair tar éis an chruinnithe, fógra a thabhairt don Rúnaí gur mhian leis/léi achomharc a dhéanamh don Chumann i gcruinniú ginearálta in aghaidh an chinnidh.

(7) Má fhaigheann an Rúnaí fógra faoi fho-riail (6), caithfear é/í fógra a thabhairt don choiste agus caithfear an coiste cruinniú ginearálta an Chumainn a reachtáil i gceann 21 lá tar éis an dáta nuair a bhfuair an Rúnaí an fógra.

(8) Ag cruinniú ginearálta an Chumainn a thagann le chéile faoi fho-riail (7)-

a. ní cheadaítear gnó, seachas ceist an achomhairc, a phlé; agus
b. is féidir an coiste roimh an gcruinniú leagadh amach sonraí chúiseanna an chinnidh, agus na fáthanna go raibh siad glactha; agus
c. caithfear deis a thabhairt don bhall, nó an ionadaí atá aige/aici, labhairt; agus
d. caithfear na baill atá i láthair vótail rúnda a dhéanamh ar an gceist an dhearbhófar an cinneadh.

(9) Dearbhaítear cinneadh ag cruinniú ginearálta, má bhíonn níos mó ná dhá thrian na mball i bhfábhar an chinnidh, agus má vótálann níos mó ná dhá thrian ag an gcruinniú nó ag seachvótáil. I ngach cás eile, cuirtear an cinneadh ar ceal.

***8. Conspóidí agus idirghabháil***

(1) Tá an phróiseas ghéaráin atá leagtha amach sa riail seo curtha i bhfeidhm le haghaidh conspóidí faoina Rialacha seo idir-

a. ball amháin agus ball eile; nó
b. ball agus an Cumann.

(2) Caithfear páirtithe na conspóide teacht le chéile agus déan plé ar an gcnámh spairne agus, más féidir, comhréiteach a dhéanamh eatarthu i gceann 14 lá tar éis a thugtar gach páirtí faoi deara ar an gconspóid.

(3) Mura bhfuil na páirtithe in ann comhréiteach a dhéanamh ag an gcruinniú, nó mura bhfuil páirtí i láthair ag an gcruinniú sin, caithfear na páirtithe cruinniú a reachtáil i gceann 10 lá os comhair idirghabhálaí.

(4) Caithfear an t-idirghabhálaí-

a. a bheith tofa trí chomhaontú idir na páirtithe; nó
b. in easpa comhaontaithe-
    i. i gcás conspóide idir ball amháin agus ball eile, duine atá tofa ag coiste an Chumainn; nó
    ii. i gcás conspóide idir ball agus an Cumann, duine atá ina (h)idirghabhálaí fostaithe nó ceaptha ag Ionad Réiteach Chonspóidí Victoria (Roinn Cearta) / Dispute Settlement Centre of Victoria (Department of Justice).

(5) Is féidir ball an Chumainn a bheith ina (h)idirghabhálaí.

(6) Ní féidir an t-idirghabhálaí a bheith ina p(h)áirtí don chonspóid.

(7) Caithfear páirtithe na conspóide iarracht a dhéanamh le hintinn mhaith chun socrú a dhéanamh trí idirghabháil.

(8) Caithfear an t-idirghabhálaí, agus i mbun idirghabhála-

a. gach deis a thabhairt don pháirtithe labhairt; agus
b. tabhair faoi deara ráiteas scríofa ar bith atá tugtha isteach ag páirtí ar bith; agus

c. déan cinnte go bhfuil ceart nadúrtha tugtha do pháirtithe na conspóide i rith an phróiseas idirghabhála.

(9) Ní féidir an t-idirghabhálaí cinneadh a dhéanamh ar an gconspóid.

(10) Mura bhfuil na páirtithe in ann comhréiteach a dhéanamh trí phróiseas idirghabhála, is féidir na páirtithe réiteach a fháil de réir an Achta nó de réir an dlí.

9. ***Cruinnithe ginearálta bliantúla***

(1) Is féidir an coiste cinneadh a dhéanamh ar dáta, am agus áit do chruinniú ghinearálta bhliantúil an Chumainn.

(2) Caithfear an fógra ina bhfógraítear an cruinniú a lua go bhfuil cruinniú ghinearálta bhliantiúl i gceist.

(3) Ba chóir gnó rialta don chruinniú ginearálta bliantúil-

a. dearbhú a dhéanamh ar mhiontuairiscí an chruinniú ginearálta bliantúil seo caite agus cruinniú ghinearálta ar bith ó shin i leith.

b. tuairiscí a ghlacadh ón gcoiste faoi ghníomhaíochtaí an Chumainn i rith na bliana airgeadais seo caite; agus

c. oifigigh an Chumainn agus gnáthbhaill an Choiste a roghnú.

d. faigh agus plé a dhéanamh ar an ráiteas atá curtha isteach ag an gCumann de réir mhír 30(3) an Achta.

(4) Is féidir an cruinniú ghinearálta bhliantiúl plé a dhéanamh ar gnó speisialta má thugtar fógra faoi roimh ré, de réir na Rialacha seo.

10. ***Cruinnithe ginearálta speisialta***

(1) Mar bharr ar an gcruinniú ginearálta bliantúil, ceadaítear cruinnithe ginearálta a reachtáil i rith na bliana.

(2) Tugtar cruinnithe ginearálta speisialta ar gach cruinniú ginearálta, seachas an cruinniú ginearálta bliantúil.

(3) Is féidir an coiste cruinniú ginearálta speisialta den Chumann a reachtáil, am ar bith is mian leo.

(4) Seachas an fo-riail seo, dá gcuirfeadh níos mó ná 15 mí thart idir cruinnithe ginearálta bhliantúil, caithfear an coiste cruinniú ginearálta speisialta den Chumann á reachtáil.

(5) Caithfear an coiste cruinniú ginearálta speisialta den Chumann a reachtáil, má chuirtear isteach iarratas i scríbhinn ar son 5 faoin gcéad den bhallraíocht ar a laghad.

(6) Caithfear an t-iarratas le haghaidh chruinniú ginearálta speisialta-

a. aidhmeanna an chruinnithe a lua.

b. a bheith sínithe ag na mbaill atá ag teastáil an cruinniú uathu; agus

c. a bheith seolta chuig seoladh an Rúnaí.

(7) Mura reachtáiltear cruinniú ginearálta speisialta ag an gcoiste i gceann míosa tar éis sheoladh an iarratais chuig an Rúnaí, is féidir na baill atá ag teastáil an cruinniú uathu, nó ball ar bith, cruinniú ginearálta speisialta a reachtáil i gceann 3 mhí ón dáta sin.

(8) Má reachtáiltear cruinniú ginearálta speisialta ag baill de réir an riail seo, caithfear a bheith reachtálaithe mar chruinniú atá reachtáilte ag an gcoiste, agus caithfear an

Cumann gach costas reasúnta a bhaineann leis an gcruinniú ginearálta speisialta a aisíoc don íocóir.

***11. Gnó speisialta***

Gach gnó a ndéantar ag cruinniú ginearálta speisialta agus gnó ar bith a ndéantar ag an gcruinniú ginearálta bhliantiúl, seachas gnó a ndéantar faoina rialacha mar ghnó rialta den chruinniú ginearálta bhliantiúl, gnó speisialta atá i gceist.

***12. Ag fógairt cruinnithe ginearálta***

(1) Caithfear Rúnaí an Chumainn, 14 lá ar a laghad roimh dáta cruinniú ginearálta an Chumainn (nó 21 lá ar a laghad má chuirtear rún isteach), fógra a thabhairt i scríbhinn don bhallraíocht, ag lua áit, dáta agus am an chruinnithe agus an gnó atá le plé ag an gcruinniú.

(2) Ceadaítear an fógra a sheoladh-
  a. le post roimh-íoctha chuig an seoladh atá sa chlár ballraíochta; nó
  b. ar iarratas an bhaill, trí mheán facs nó meán leictreonach.

(3) Ní cheadaítear gnó ar bith seachas an gnó atá leagtha amach i bhfógra an chruinnithe a phlé ag an gcruinniú.

(4) Más mian le ball gnó a chur ag cruinniú, is féidir leis/léi fógra a sheoladh chuig an Rúnaí i scríbhinn, nó trí mheán leictreonach, agus caithfear an Rúnaí an gnó sin a chur san áireamh san fhógra don chruinniú ginearálta seo chugainn.

***13. Córam ag cruinnithe ginearálta***

(1) Ní cheadaítear gnó a phlé ag cruinniú ginearálta mura bhfuil córam ballraíochta i láthair atá i dteideal faoina Rialacha seo vótáil a dhéanamh, ag an am go bhfuil an cruinniú ag plé an ghnó.

(2) Má bhíonn cúig bhall i láthair (baill atá i dteideal faoina Rialacha seo vótáil a dhéanamh ag cruinniú ginearálta), bíonn córam ann chun ghnó chruinniú ghinearálta a phlé.

(3) Mura bhfuil córam ann i gceann leathuair an chloig tar éis an am tosaigh atá fógartha do chruinniú ginearálta-
  a. má bhí an cruinniú reachtálaithe mar gheall ar iarratas na mball, caithfear an cruinniú a chur ar ceal; agus
  b. in aon chás eile, caithfear an cruinniú a chur siar go dtí an lá céanna sa tseachtain dár gcíonn ag an am céanna agus (mura bhfuil áit eile tofa ag an gCathaoirleach ag am an chruinnithe atá curtha siar nó i bhfógra scríofa chuig na baill, seolta roimh lá an chruinnithe atá curtha siar) ag an áit céanna.

(4) Mura bhfuil córam ann ag an gcruinniú atá curtha siar, i gceann leathuair an chloig tar éis an am tosaigh atá fógartha don chruinniú, beidh na baill atá i láthair (triúr ar a laghad) ina gcóram.

***14. Ceannasaíocht ag cruinnithe ginearálta***

(1) Beidh an t-Uachtarán, nó an Leas-Uachtarán má tá sé/sí as láthair nó mura bhfuil sé/sí in ann, i gceannas mar Chathaoirleach ag gach cruinniú ginearálta den Chumann.

(2) Má tá an t-Uachtarán nó an Leas-Uachtarán as láthair ag cruinniú ginearálta, nó mura bhfuil siad in ann a bheith i gceannas air, caithfear na baill atá i láthair roghnú a dhéanamh óna measc an té le bheith ina C(h)athaoirleach.

15. ***Ag cur cruinnithe siar***

(1) Is féidir an té atá i gceannas, le cead d'fhórmhór na mball atá i láthair ag an gcruinniú, an cruinniú a chur siar ó am go ham agus ó áit go háit.
(2) Ní cheadaítear gnó ar bith a phlé ag cruinniú atá curtha siar, seachas an gnó ón gcruinniú sin a bhí curtha siar.
(3) Má tá cruinniú curtha siar le 14 lá nó níos sia, caithfear fógra a thabhairt faoin gcruinniú a bhí curtha siar de réir riail 12.
(4) Seachas fo-riail (3), níl aon ghá fógra a thabhairt ar cruinniú atá curtha siar nó ar an ngnó atá le plé ag an gcruinniú sin.

***16. Ag vótáil ag cruinnithe ginearálta***

(1) Maidir le ceist ar bith atá curtha faoi bhráid chruinniú an Chumainn, níl ach vóta amháin ag gach ball.
(2) Caithfear vóta a chaitheamh go pearsanta nó mar sheachvótálaí.
(3) Nuair atá comhscór ar na vótaí ar ceist áirithe, bíonn an Chathaoirleach i dteideal vóta réitigh a chaitheamh.
(4) Mura bhfuil gach costas atá iníoctha don Chumann íoctha ag ball (seachas an táille ballraíochta don bhliain airgeadais), níl aon chead acu vóta a chaitheamh ag cruinniú ginearálta.

***17. Comhaireamh vótála ag cruinnithe ginearálta***

(1) Má éilítear comhaireamh vótála ar ceist ar bith ag cruinniú ag 3 ball ar a laghad, caithfear í a dhéanamh ag an gcruinniú faoi cheannas an Chathaoirligh, agus beidh torthaí an chomhairimh glactha mar chinneadh an chruinnithe ar an gceist sin.
(2) Caithfear comhaireamh vótála atá éilithe ar toghchán Chathaoirligh nó ar ceist an gcuirfidh cruinniú siar a dhéanamh láithreach, agus caithfear comhaireamh vótála ar ceist ar bith eile a dhéanamh roimh deireadh an chruinnithe faoi cheannas an Chathaoirligh.

18. ***Nós ina socraítear an bhfuil rún glactha***

(1) Má shocraítear ceist ag cruinniú ginearálta an Chumainn le comhaireamh lámh,
   a. bíonn dearbhú an Chathaoirligh go bhfuil rún
      i. glactha; nó
      ii. glactha d'aonghuth; nó
      iii. glactha ag tromlach áirithe; nó
      iv. caillte; agus
   b. tuairisc faoin gcinneadh scríofa i leabhar miontuairiscí an Chumainn

fianaise ar an toradh, gan chruthúnas ar an méid nó cuid na vótaí i bhfábhar nó i gcoinne an rúin.

***19. Seachvótálaithe***

(1) Bíonn gach ball in ann ball eile a roghnú mar sheachvótálaí i bhfógra atá tugtha don Rúnaí i gceann 24 uair an chloig roimh am an chruinnithe, an cruinniú ina bhfuil an seachvótálaí roghnaithe.

(2) Caithfear an fógra ina roghnaítear an seachvótálaí-

  a. le haghaidh chruinniú an Chumainn atá reachtálaithe faoi riail 7(7), san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín 2; nó
  b. in aon chás eile, san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín 3.

***20. Coiste Stiúrtha***

(1) Beidh gnó an Chumainn faoi chúram an choiste stiúrtha.

(2) Maidir leis an gcoiste,-

  a. caithfear an coiste smacht a chur agus riaradh a dhéanamh ar gnó an Chumainn; agus
  b. bíonn an coiste in ann, faoi réir na Rialacha seo, an t-Acht agus na Rialacháin, leas a bhaint as gach cumhacht atá ag an gCumann, seachas na cumhachtaí atá leagtha amach ag na Rialacha seo a thagann óna gcruinnithe ginearálta de chuid bhaill an Chumainn; agus
  c. bíonn an coiste in ann, faoi réir na Rialacha seo, an t-Acht agus na Rialacháin, gach rud a dhéanamh go gceapann siad atá riachtanach le haghaidh bhainisteoireacht ceart an Chumainn.

(3) Faoi réir mhír 23 an Achta, is iad na daoine atá ar an gcoiste ná-

  a. oifigigh an Chumainn; agus
  b. sé bhall rialta-

atá roghnaithe ag cruinniú ginearálta bhliaintiúl an Chumainn gach bliain.

***21. Oifigigh***

(1) Is iad oifigigh an Chumainn ná-

  a. Uachtarán;
  b. Leas-Uachatarán;
  c. Cisteoir; agus
  d. Rúnaí.

(2) Baineann na coinníolacha faoi riail 23, má tá feidhm acu agus leis na hathraithe riachtanacha, le roghnú duine don oifigí atá luaite faoi fho-riail (1).

(3) Beidh gach oifigeach an Chumainn i seilbh a (h)oifige go dtí an chéad cruinniú ginearálta bhliaintiúl eile tar éis dáta a t(h)oghcháin, ach tá sé/sí i dteideal atoghchán a fháil.

(4) I gcás folúntais in oifig ar bith atá luaite faoi fho-riail (1), is féidir an coiste ball choiste a roghnú don oifig sin, agus beidh sé/sí in ann lean ar aghaidh sa phost go dtí deireadh an chéad cruinniú ginearálta bhliaintiúl eile tar éis an cheapacháin sin.

***22. Gnáthbhaill den choiste***

(1) Faoi réir na Rialacha seo, beidh gach gnáthbhall i seilbh a (h)oifige go dtí an chéad cruinniú ginearálta bhliaintiúl eile tar éis dáta a t(h)oghcháin, ach tá sé/sí i dteideal atoghchán a fháil.

(2) I gcás folúntais in oifig gnáthbhall an Chumainn, is féidir an coiste ball den Chumann a roghnú don oifig sin, agus beidh sé/sí i seilbh na hoifige sin, faoi réir na Rialacha seo, go dtí deireadh an chéad cruinniú ginearálta bhliaintiúl eile tar éis an cheapacháin sin.

***23. Toghchán don oifigigh agus gnáthbhaill***

(1) Caithfear ainmniúcháin iarratasóirí le bheith tofa mar oifigigh an Chumainn nó gnáthbhaill an choiste a bheith-

   a. déanta i scríbhinn, sínithe ag beirt bhall den Chumann agus aontú scríofa ina cuideachta (is féidir é a dhroimscríobh ar an bhfoirm ainmniúcháin); agus
   b. seolta chuig Rúnaí an Chumainn níos mó ná 7 lá roimh dáta an cruinniú ginearálta bhliaintiúl.

(2) Is féidir iarratasóir a bheith ainmnithe d'oifig amháin, nó mar ghnáthbhall an Chumainn, roimh an gcruinniú ginearálta bhliaintiúl.

(3) Mura bhfuil ainmniúcháin go leor faighte chun gach folúntas ar an gcoiste a líonadh, dearbhaífear na iarratasóirí mar na hoifigigh tofa agus is féidir ainmniúcháin eile a fháil ag an gcruinniú ginearálta bhliaintiúl.

(4) Má bhíonn uimhir an ainmniúcháin cothrom le uimhir an fholúntas le líonadh, beidh gach iarratasóir tofa.

(5) Má bhíonn uimhir an ainmniúcháin níos mó ná uimhir an fholúntas le líonadh, caithfear comhaireamh vótála a dhéanamh.

(6) Caithfear an comhaireamh vótála le haghaidh toghchán oifigigh agus gnáthbhaill an choiste a reachtáil ag an gcruinniú ginearálta bhliaintiúl faoi chúram an choiste.

***24. Folúntais***

(1) Beidh folúntas in oifig an Chumainn, nó oifig ghnáthbhall an choiste,-

   a. mura bhfuil an t-oifigeach nó ball ina b(h)all den Chumann níos mó; nó
   b. má tá oifigeach nó ball ina f(h)éichiúnaí dócmhainneach de réir Dlí Corparáid (Corporations Law); nó
   c. má éiríonn an t-oifigeach nó ball as an oifig i bhfógra i scríbhinn seolta chuig an Rúnaí.

***25. Cruinnithe den choiste***

(1) Caithfear an coiste teacht le chéile 3 uair sa bhliain ar a laghad in áit agus in am atá socruithe ag an gcoiste.

(2) Ceadaítear cruinnithe speisialta a reachtáil ag an Uachtarán nó ag aon cheithre bhall den choiste.

***26. Ag fógairt cruinnithe choiste***

(1) Caithfear fógra scríofa a thabhairt do gach ball den choiste faoi gach cruinniú 2 lá gnó ar a laghad roimh dáta an chruinnithe.

(2) Caithfear fógra scríofa a thabhairt do gach ball den choiste faoi chruinniú speisialta ar bith, ag lua an ghnó faoi chaibidil, agus ní cheadaítear aon ghnó eile a phlé ag an gcruinniú sin.

***27. Córam ag cruinnithe choiste***

(1) Má bhíonn aon cheithre bhall den choiste i láthair, bíonn córam ann chun ghnó chruinnithe a phlé.

(2) Ní cheadaítear gnó a phlé mura bhfuil córam ann.

(3) Mura bhfuil córam ann i gceann leathuair an chloig tar éis an am tosaigh atá fógartha do chruinniú-

   a. i gcás cruinnithe speisialta, tá an cruinniú scaoilte.
   b. in aon chás eile—beidh an cruinniú curtha siar go ceann seachtaine, ag an áit agus am céanna.

(4) Is féidir an coiste plé agus cinntí a dhéanamh d'ainneoin folúnta(i)s ar an gcoiste.

***28. Ceannasaíocht ag cruinnithe choiste***

(1) Ag cruinnithe an choiste-

   a. beidh an t-Uachtarán, nó an Leas-Uachtarán má tá sé/sí as láthair, i gceannas; nó
   b. má tá an t-Uachtarán agus an Leas-Uachtarán as láthair, nó mura bhfuil siad in ann a bheith i gceannas air, caithfear na baill atá i láthair roghnú a dhéanamh óna measc an té le bheith i gceannas.

***29. Ag vótáil ag cruinnithe choiste***

(1) Maidir le ceisteanna a phléitear ag cruinniú choiste, nó ag cruinniú de chuid fho-choiste atá ceaptha ag an gcoiste, beidh siad socruithe le comhaireamh lámh nó, má éilíonn ball, le comhaireamh vótála i nós ina shocraítear ag an té atá i gceannas.

(2) Níl ach vóta amháin ag gach ball atá i láthair ag cruinniú an choiste, nó ag cruinniú de chuid fho-choiste atá ceaptha ag an gcoiste, an té atá i gceannas san áireamh. Nuair atá comhscór ar na vótaí ar ceist áirithe, bíonn an té atá i gceannas i dteideal vóta eile a chaitheamh, nó vóta réitigh a chaitheamh.

***30. Ag ruaigeadh ball choiste***

(1) Is féidir an Cumann ruaigeadh a chur ar ball ar bith den choiste ag cruinniú ginearálta roimh deireadh téarma an oifigigh sin má bhíonn an rún glactha, agus ball eile a roghnú ina (h)áit go dtí deireadh an téarma don bhunbhall.

(2) Is féidir an ball atá faoi chaibidil sa rún atá luaite faoi fho-riail (1) achomharc scríofa a dhéanamh chuig an Rúnaí nó Uachtarán an Chumainn (gan dul thar fad reasúnta) agus achainí a dhéanamh go mbeidh an achomharc le fáil ag baill an Chumainn.

(3) Is féidir an Rúnaí nó an t-Uachtarán cóip den achomharc a thabhairt do gach ball den Chumann nó, mura ndéantar é sin, is féidir an ball achainí a dhéanamh go mbeidh an achomharc léite ag an gcruinniú.

***31. Míontuairiscí cruinnithe***

(1) Caithfear Rúnaí an Chumainn miontuairiscí a choimeád faoi gach cinneadh agus na rudaí a tharlaíonn ag gach cruinniú ginearálta, agus gach cruinniú choiste, chomh maith le tuairisc ar na hainmneacha do gach duine atá i láthair ag cruinnithe choiste.

***32. Maoin***

(1) Caithfear Cisteoir an Chumainn-

  a. airgead le haghaidh an Chumainn a bhailiú agus a ghlacadh, agus gach costas a dhearbhaítear ag an gCumann a dhéanamh; agus
  b. cuntaisí agus leabhair a choimeád i gceart, a léiríonn gnó airgeadais an Chumainn, le sonraí faoi fháil agus caiteamh a bhaineann le gníomhaíochtaí an Chumainn.

(2) Caithfear gach seic, bille, bille malairte, nóta gealltanais agus ionstraim inaistrithe eile a bheith sínithe ag beirt bhall den choiste.

(3) Tiocfaidh maoin an Chumainn ó táillí iontrála, síntiúis bhliantúla, bronntanais agus foinsí eile mar a shocraíonn an coiste.

(4) Beidh sócmhainní agus ioncam an Chumainn dírithe gan eisceacht ar aidhmeanna an Chumainn thuasluaite, agus ní cheadaítear iad a roinnt le baill an Chumainn seachas mar chúiteamh ar seirbhísí a sholáthraítear, nó le haghaidh costas íoctha ar son an Chumainn.

***33. Séala***

(1) Caithfear an séala oifigiúil a bheith i seilbh an Rúnaí.

(2) Ní cheadaítear an séala oifigiúil a chur ar rud ar bith gan chead an choiste, agus caithfear sínithe beirt baill choiste a bheith ina cuideachta nó, ball den choiste agus an t-oifigeach poiblí den Chumann.

***34. Fógraí chuig baill***

(1) Seachas an choinníoll faoi riail 12, is féidir fógra riachtanach ar bith a thabhairt chuig ball ar son an Chumainn, faoina Rialacha seo,-

  a. go pearsanta; nó
  a. trí post roimh-íoctha chuig an seoladh atá ag an mball sa chlár baillraíochta; nó
  b. ar iarratas an bhaill, trí mheán facs; nó
  c. ar iarratas an bhaill, trí mheán leictreonach.

35. ***Deireadh an Chumainn***

(1) Má tá deireadh curtha ar an gCumann, beidh an maoin atá fágtha nuair atá gach fiach íoctha aistrithe chuig cumann eile le haidhmeanna cosúla nach bhfuil ann ar mhaithe le brabús baill aonair.

36. ***Cúram agus scrúdú don leabhair agus cuntais***

(1) Caithfear an Rúnaí coimeád faoi smacht gach cuntas, leabhar, urrús, agus doiciméad a bhaineann leis an gCumann, seachas eisceachtaí atá luaite sna Rialacha seo.
(2) Caithfear a bheith gach cuntas, leabhar, urrús, agus aon doiciméad eile a bhaineann leis an gCumann le fáil ag ball ar bith, saor in aisce, ach iad a iarraidh.
(3) Bíonn cead ag ball cóipeanna a dhéanamh ar cuntais, leabhair, urrúis, nó doiciméidí eile a bhaineann leis an gCumann.

AGUISÍN 1

**IARRATAS LE HAGHAIDH BALLRAÍOCHT DE CHUID CUMANN GAEILGE NA HASTRÁILE CORPRAITHE**

Is mian liomsa,……………………………………………………………………………………….., atá imo chónaí ag
(ainm agus slí beatha)

…………………………………………………………………………………………………………………………………,
(seoladh cónaithe)
a bheith imo bhall de chuid Cumann Gaeilge na hAstráile Corp.

Má ghlacfar mé mar bhall, glacaím go gcloífidh mé le rialacha an Chumainn i rith an ama atá i gceist.

…………………………………………….
Siniú an Iarratasóra

Dáta

Mise,………………………………………………………………………………, atá ina b(h)all den Chumann,
(ainm)
ainmním an t-iarratasóir, duine a bhfuil aithne agam air/uirthi, le haghaidh bhallraíocht an Chumainn.

…………………………………………….
Síniú an Mholtóra

Dáta

Mise,………………………………………………………………………………, atá ina b(h)all den Chumann,
(ainm)
ainmním an t-iarratasóir, duine a bhfuil aithne agam air/uirthi, le haghaidh bhallraíocht an Chumainn.

…………………………………………….
Síniú an Chuiditheora

Dáta

AGUISÍN 2

**FOIRM LE HAGHAIDH ROGHNÚ SEACHVÓTÁLAITHE LE HAGHAIDH CHRUINNIÚ AN CHUMAINN FÓGARTHA FAOI RIAIL 7(7)**

Mise,…………………………………………………………………………………………………………………………………
(ainm)

atá imo chónaí ag ……………………………………………………………………………………………………………,
(seoladh cónaithe)

atá ina b(h)all de chuid Cumann Gaeilge na hAstráile Corpraithe, ainmním

……………………………………………………………………………………………………………………………………….
(ainm an sheachvótálaithe)

atá ina c(h)ónaí ag…………………………………………………………………………………………………………
(seoladh chónaithe an sheachvótálaithe)

atá ina b(h)all de chuid an Chumann Corpraithe sin, mar mo sheachvótálaí chun vóta a chaitheamh ar mo shon ag an achomharc chuig cruinniú ginearálta an Chumainn atá fógartha faoi riail 7(7), a bheas ar siúl ar

…………………………………………….
(dáta an chruinnithe)

agus ag aon chruinniú eile má tá an cruinniú seo curtha siar.

Tugaim údáras don sheachvótálaí chun vóta a chaitheamh ar mo shon de réir a b(h)reithiúnais féin maidir leis an rún a leanas (cur sonraí faoin rún a bhí glactha faoi riail 7(1) anseo).

…………………………………………….
Sínithe

Dáta

AGUISÍN 3

**FOIRM LE HAGHAIDH ROGHNÚ SEACHVÓTÁLAITHE**

Mise,…………………………………………………………………………………………………………………………………
(ainm)

atá imo chónaí ag ……………………………………………………………………………………………………………,
(seoladh cónaithe)

atá ina b(h)all de chuid Cumann Gaeilge na hAstráile Corpraithe, ainmním

……………………………………………………………………………………………………………………………………….
(ainm an sheachvótálaithe)

atá ina c(h)ónaí ag…………………………………………………………………………………………………………
(seoladh chónaithe an sheachvótálaithe)

atá ina b(h)all de chuid an Chumann Corpraithe sin, mar mo sheachvótálaí chun vóta a chaitheamh ar mo shon ag cruinniú speisialta/cruinniú bhliaintiúl* an Chumainn, a bheas ar siúl ar

…………………………………………….
(dáta an chruinnithe)

agus ag aon chruinniú eile má tá an cruinniú seo curtha siar.

Tugaim údáras don sheachvótálaí chun vóta a chaitheamh i bhfábhar/i gcoinne* an rúin a leanas (cur sonraí an rúin anseo).

…………………………………………….
Sínithe

Dáta

* scrios na focail atá neamh-oiriúnach.

AGUISÍN 4

**<u>SCEIDEAL TÁILLE</u>**

*<u>Táille</u>*

*<u>Táille Iontrála</u>*

*<u>Síntiús bliana</u>*

**NOTAÍ**

**SCEIDEAL 1**

**ULLMHÚCHÁIN AR RÁITIS AIRGEADAIS AG CUMAINN ORDAITHE—CAIGHDEÁIN CHUNTAS NA HASTRÁILE**

| **Uimhir Caighdeán Chuntas na hAstráile / Australian Accounting Standard Number** | **Ainm Caighdeán Chuntas na hAstráile / Name of Australian Accounting Standard** | **Eisithe** |
|---|---|---|
| AASB 1018 (in áit AAS 1) | Statement of Financial Performance | Meitheamh 2002 |
| AAS 4 | Depreciation | Lúnasa 1997 |
| AAS 5 | Materiality | Meán Fómhair 1995 |
| AAS 6 | Accounting Policies | Márta 1999 |
| AAS 8 | Events Occurring After Reporting Date | Deireadh Fómhair 1997 |
| AAS 15 | Revenue | Meitheamh 1998 |
| AAS 17 | Leases | Deireadh Fómhair 1998 |
| AAS 28 | Statement of Cash Flows | Deireadh Fómhair 1997 |
| AAS 36 | Statement of Financial Position | Deireadh Fómhair 1999 |
| AASB 1041 (in áit AAS 38) | Revaluation of Non-Current Assets | Iúil 2001 |